# MO CHONAIR GHAIRME JULIANA

poistphoiblí
publicjobs

# Is Oifigeach Cléireachais Sealadach í Juliana i Sláinte & Sábháilteacht leis an Roinn Coimirce Sóisialaí.

“Toisc gur thosaigh mé ag obair sa Státseirbhís go hóg, fuair mé an neamhspleáchas a raibh ag teastáil uaim, agus an aibíocht is an fhreagracht ceangal a chur orm féin.



Brasaíleach bródúil mé, go háirithe de shíolrach Meiriceánach Laidinigh dúchais, agus rinne mé coibhéis na hArdteistiméireachta sa Bhrasaíl. Bhí mo chéad phost agam mar intéirneach le roinn an airgeadais sa státseirbhís sa Bhrasaíl. Ní raibh ann ach conradh bliana, agus mar sin thosaigh mé post samhraidh i siopa éadaí agus d’oibrigh mé san earnáil mhiondíola ar feadh 13 bliana.

Ba phost miondíola é mo chéad phost in Éirinn agus ansin a d’fhoghlaim mé formhór mo Bhéarla sa tseirbhís do chustaiméirí. Nuair a tháinig paindéim Covid-19, bhuail imní mé agus shíl mé gur cheart dom obair a dhéanamh áit ina mbeadh post seasmhach agus conair fhada le neart deiseanna nó forbairt is fás agam.

Rinne mé staidéar ar Staidéar Gnó lánaimseartha bliain amháin (PLC) leibhéal 5, agus mé ag fanacht ar m’iarratas ar Oifigeach Cléireachais Sealadach agus, faoi dheireadh, i mí Lúnasa 2021, thosaigh mé ag obair mar Oifigeach Cléireachais Sealadach.



Chuir mé iarratas isteach ar an ról d’Oifigeach Cléireachais buan chomh maith, agus táim i mbun an phróisis chun post buan a bhaint amach. Ina theannta sin, i mí Eanáir 2022, thosaigh mé cúrsa trí bliana ar líne le hInstitiúid Teicneolaíochta Cheatharlach trí An Cosán d’arbh ainm Ceannasaíocht i bhForbairt Pobail (BA-Leibhéal 7).

Is éard a mheall mé go ról sa státseirbhís ná an tsábháilteacht a bhaineann le post seasta, chomh maith le héagsúlacht na n-earnálacha ina bhféadfainn a bheith ag obair. Tá tacaíocht ann d’oideachas agus féinfhorbairt, go háirithe le haghaidh tuismitheoir aonair cosúil liom féin, agus mar sin bhí áthas an domhain orm a bheith ag obair ar son an Rialtais.

Táim ag obair le beagnach bliain anuas agus tá an oiread sin foghlamtha agam ó mo chomhghleacaithe agus ón oiliúint atá curtha ar fáil do gach ball foirne.



Is oifigeach cléireachais mé sa Rannóg Sláinte & Sábháilteachta leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, agus táim freagrach den chuid is mó as an oiliúint Sláinte & Sábháilteachta a chomhordú dár mbaill foirne thart timpeall na tíre.

Téim i dteagmháil le soláthraithe, sceidealaím an lá is an láthair oiliúna, deimhním liosta na rannpháirtithe, agus próiseálaim sonraisc don oiliúint. Tugaim cúnamh do m’fhoireann ó thaobh ceisteanna ríomhphoist de, soláthraím trealamh cosanta pearsanta, freagraím ceisteanna maidir le Covid-19, agus tugaim comhairle do bhaill foirne de réir mar is gá.

Ó thaobh scileanna de, ní mór scileanna eagraíochtúla, bainistíocht ama, comhoibrithe agus oibre foirne, scileanna cumarsáide, anailíse, agus cinnteoireachta a bheith agat chun an ról seo a chomhlíonadh.

poistphoiblí
publicjobs

# Sonraí an Phoist – Oifigeach Cléireachais Shealadach

| | |
|---|---|
| ROINN | An Roinn Coimirce Sóisialaí |
| TUARASTAL | Ag tosú ag €571.04 sa tseachtain. *D'fhéadfaí an tuarastal seo a athrú. |
| CUR SÍOS AR AN RÓL | D'fhéadfadh go n-athróidh an cineál oibre a dhéanann baill foirne chléireachais ag brath ar an roinn/eagraíocht fhostaithe. Beidh tascanna cléireachais/riaracháin san áireamh a leagfar ar an bhfostaí mar dhualgas ó am go ham. Léiríonn na tascanna seo a leanas na gnáthdhualgais a bheidh ar an bhfostaí tabhairt faoi má cheaptar iad:<br>• Obair chléireachais ghinearálta.<br>• Tacú le bainisteoirí líne agus le comhghleacaithe.<br>• Seirbhísí a sholáthar mar chuid d'fhoireann.<br>• Cumarsáid a dhéanamh agus déileáil leis an bpobal/le custaiméirí.<br>• Na caighdeáin ar an gcáilíocht is airde i seirbhís do chustaiméirí a chur ar fáil.<br>• Teicneolaíocht Faisnéise a úsáid ar bhonn laethúil.<br>• Taifid ar ardchaighdeán a choimeád i mbealach cuimsitheach agus eagraithe.<br>• Mionscrúdú a dhéanamh ar gach píosa oibre chun cinntiú go gcríochnaítear ar ardchaighdeán é.<br>• Gnáthobair chuntais a dhéanamh.<br>• Tabhairt faoi obair i mbealach cúramach agus córasach, ag léiriú cruinneas i gcónaí.<br>• Aon dualgais eile mar is cuí. |
| RIACHTANAIS AN RÓIL | • Eolas, scileanna agus inniúlachtaí riachtanacha chun an ról a chomhlíonadh<br>• Cumas agus inniúlachtaí an ról a chomhlíonadh ar ardchaighdeán<br>• Leibhéal oideachais ghinearálta maith<br>• 17 mbliana ar a laghad slánaithe roimh an dáta dúnta<br>• Riachtanais i dtaca le Saoránacht, Dea-Cháil & Sláinte, Grinnfhiosrúchán agus Imréiteach Slándála an Gharda Síochána, agus Seiceáil Teistiméireachta a chomhlíonadh<br>• Cinntiú go gcomhlíontar na critéir i dtaca le hIomarcaíocht sa tSeirbhís Phoiblí& sa Státseirbhís/Scéimeanna Scoir mar gheall ar Dhrochshláinte<br>• Tá an cháilitheacht chun dul in iomaíocht ar oscailt anois do shaoránaigh an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (EEA), na Ríochta Aontaithe, na hEilvéise, nó daoine nach saoránaigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch iad ach a bhfuil Víosa Stampa 4 acu. |
| PRÓISEAS IARRATAIS | 1. Iarratas<br>2. Ceistneoir Measúnaithe Ar Líne<br>3. Gearrliostú<br>4. Agallamh |